C/2025/6697

12.12.2025

TUAIRIM ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 7 Samhain 2025

maidir le togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár um malartú, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2028-2034 (clár 'Pericles V') agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/840

(CON/2025/34)

(C/2025/6697)

Réamhrá agus bunús dlí

An 8 agus an 15 Deireadh Fómhair 2025, fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarraidh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Pharlaimint na hEorpa, faoi seach, ar thuairim ar thogra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár um malartú, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2028-2034 (CLÁR 'Pericles V') agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/840 ([1]) (dá ngairtear an 'rialachán atá beartaithe' anseo feasta).

Tá inniúlacht BCE tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagal 133 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun, gan dochar do chumhachtaí BCE, a leagann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle síos na bearta is gá chun an euro a úsáid mar airgeadra aonair, tar éis dul i gcomhairle le BCE. I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis an tuairim seo a ghlacadh.

1. **Barúlacha ginearálta**

1.1. Tugann BCE dá aire go dtiocfaidh an rialachán atá beartaithe in ionad chlár Pericles IV atá ann faoi láthair don tréimhse 2021-2027, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/840 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Beidh feidhm ag clár Pericles V ó 2028 go dtí 2034.

1.2. Athdhearbhaíonn BCE a thuairim go gcuireann clár Pericles go mór leis na gníomhaíochtaí a rinne BCE, Europol agus údaráis náisiúnta cheana féin sa chomhrac i gcoinne góchumadh nótaí bainc agus bonn euro ([3]). Tá BCE muiníneach go leanfaidh clár Pericles V de bheith ag rannchuidiú le sláine nótaí bainc agus monaí euro a chaomhnú agus le haon bhagairt a d'fhéadfadh a bheith ann ar úsáid an euro mar airgeadra aonair a chomhrac.

1.3. Cuireann BCE i bhfios go láidir go bhfuil sé rannpháirteach go gníomhach sa chomhrac i gcoinne an ghóchumtha. Go háirithe, forbraíonn BCE dearaí nótaí bainc agus gnéithe slándála do nótaí bainc euro a chuireann ar chumas an phobail i gcoitinne agus saineolaithe idirdhealú a dhéanamh idir nótaí bainc dílse agus nótaí bainc góchumtha agus a chuireann bac ar ghóchumadóirí.

1.4. Tugadh na chéad nótaí bainc euro isteach ar an 1 Eanáir 2002. Ó 2013 i leith, tá nótaí bainc den dara sraith, i.e. sraith Europa, á dtabhairt isteach de réir a chéile. Chun ullmhú do sheoladh nótaí bainc a bhfuil gnéithe slándála uasghrádaithe acu, cuireann BCE agus bainc cheannais náisiúnta an Eurochórais réimse leathan faisnéise ar fáil do mhonaróirí agus do sholáthróirí trealaimh nótaí bainc, chomh maith le bainc thráchtála, miondíoltóirí agus daoine eile a úsáideann trealamh nótaí bainc nó a láimhseálann airgead tirim ar bhonn laethúil. Ina theannta sin, cuireann BCE cláir oiliúna agus ábhair oiliúna ar fáil chun oiliúint ghairmiúil láimhseálaithe airgid thirim a chomhlánú. Ina

([1]) COM(2025) 462 final.

([2]) Rialachán (AE) 2021/840 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear clár um malartú, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 (clár 'Pericles IV'), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 331/2014 (IO L 186, 27.5.2021, lch. 1, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2021/840/oj).

([3]) Féach mír 1 de Thuairim CON/2006/35 ón mBanc Ceannais Eorpach an 5 Iúil 2006 ar iarraidh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le dhá chinneadh ón gComhairle atá beartaithe maidir leis an gclár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (clár 'Pericles') (IO C 163, 14.7.2006, lch. 7), mír 1.1 de Thuairim CON/2012/17 ón mBanc Ceannais Eorpach an 2 Márta 2012 maidir le togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear malartú, clár cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (clár 'Pericles 2020') (IO C 137, 12.5.2012, lch. 7) agus mír 1.2 de Thuairim CON/2018/35 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Lúnasa 2018 maidir le togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh ('clár Pericles IV') (IO C 378, 19.10.2018, lch. 2). Foilsítear tuairimí uile BCE ar EUR-Lex.

theannta sin, cuirtear faisnéis maidir leis an dearadh agus na gnéithe slándála ar fáil don phobal i gcoitinne tar éis sraith nua nótaí bainc a sheoladh. Tá sraith nua nótaí bainc euro á hullmhú ag BCE faoi láthair chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith slán, éifeachtúil agus inbhuanaithe. Tá an pobal agus saineolaithe araon gníomhach sa phróiseas. Is í Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh a dhéanfaidh an cinneadh deiridh i dtaobh an téama agus na ndearthaí; socrófar dáta seolta na sraithe nua bainc euro amach anseo.

1.5. Thairis sin, déanann BCE anailís ar chineálacha nua nótaí bainc euro góchumtha ag a Lárionad Anailíse um Ghóchumadh (Counterfeit Analysis Centre, CAC) agus úsáideann sé an t-eolas a fuarthas chun comhairle a chur ar údaráis forfheidhmithe dlí. Comhordaíonn CAC scaipeadh na sonraí teicniúla agus staidrimh aitheanta uile maidir le euro góchumtha ar na páirtithe ábhartha go léir.

1.6. Baineann góchumadóirí úsáid as raon leathan crua-earraí agus bogearraí íomháithe dhigitigh, i measc teicnící eile. Mar fhreagairt air sin, tacaíonn Grúpa an Bhainc Ceannais um Ghóchumadh, a bhfuil BCE ina chomhalta de, le teicneolaíochtaí amhail córais díspreagtha góchumtha, a chuireann cosc ar íomhánna de nótaí bainc faoi chosaint a ghabháil nó a atáirgeadh.

1.7. Aontaíonn BCE gur gá aird leanúnach a thabhairt ar bhagairtí góchumtha atá ag teacht chun cinn a chomhrac. Dá bhrí sin, is díol sásaimh do BCE go bhfuil sé d'aidhm ag clár Pericles V cur i gcoinne bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don euro digiteach, dá n-eiseofaí é amach anseo, chun sláine airgeadra an euro de gach cineál a choinneáil. Ar an gcaoi chéanna, is díol sásaimh do BCE go gcuirtear san áireamh i gcuspóirí an chláir na bagairtí a bhaineann leis an intleacht shaorga agus na deiseanna imscrúdaitheacha a chuireann sí ar fáil. Ba cheart go gcumhdófaí le gníomhaíochtaí atá incháilithe do chistiú forbairtí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo sna réimsí sin.

2. **Barúlacha sonracha**

2.1. Ba cheart teideal agus Airteagal 1 den rialachán atá beartaithe a leathnú chun tagairt do bhagairtí eile a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh chun forbairtí nua a chumhdach, lena n-áirítear i gcomhthéacs an euro dhigitigh a bheidh ann amach anseo, i gcomhréir le haithris 12 agus le hAirteagal 2(2) den rialachán atá beartaithe agus leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis.

2.2. De bhun Airteagal 7 den rialachán atá beartaithe, tá clár Pericles V le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach le heintitis dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c), den Rialachán sin. De réir an mheabhráin mhíniúcháin a ghabhann leis an rialachán atá beartaithe, meastar go bhfuil clár Pericles V comhlántach agus comhleanúnach leis na tionscnaimh a dtugann BCE agus Europol fúthu. Dá bhrí sin, is gá comhsheasmhacht a áirithiú agus dúbailt neamhriachtanach a sheachaint le bearta ábhartha arna ndéanamh ag eintitis inniúla eile maidir le góchumadh nótaí bainc agus monaí, go háirithe ag BCE agus Europol, faoi seach. Ar an gcúis sin, agus gníomhaíochtaí atá incháilithe faoi chlár Pericles V á gcur chun feidhme aige, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí BCE agus Europol atá ann cheana agus atá beartaithe maidir le bagairtí ar an airgeadra aonair, amhail góchumadh agus calaois ghaolmhar, lena n-áirítear monarú agus dáileadh nótaí bainc góchumtha. Tá sé sin comhsheasmhach le hAirteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2021/840, a d'aisghairfí leis an rialachán atá beartaithe. Molann BCE don Choimisiún leas iomlán a bhaint as taithí BCE maidir le hoiliúint a dhéanamh agus faisnéis a sholáthar maidir le nótaí bainc euro agus a áirithiú go bhforáiltear leis an rialachán atá beartaithe do rannpháirtíocht iomlán BCE ina leith sin.

2.3. Thairis sin, agus tagairt á déanamh aige don chomhar dea-fheidhmiúil i measc gheallsealbhóirí chlár Pericles V, athdhearbhaíonn BCE a thuairim go mbeadh sé tairbheach dá ndéanfadh an Coimisiún idirchaidreamh le BCE agus Europol agus iad rannpháirteach agus cinneadh á dhéanamh aige maidir leis na gníomhaíochtaí atá le cistiú faoi chlár Pericles V, go háirithe chun tionscnaimh a scrúdú go comhpháirteach. Sheachnófaí leis sin dúbláil agus forluí a d'fhéadfadh a bheith ann idir clár Pericles V, cláir ábhartha eile agus gníomhaíochtaí oiliúna BCE ([5]). Le comhar den sórt sin, d'éascófaí freisin cur i bhfeidhm straitéise ailínithe in aghaidh ghóchumadh an euro agus na calaoise

([4]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

([5]) Féach mír 8 de Thuairim CON/2005/22 ón mBanc Ceannais Eorpach an 21 Meitheamh 2005 ar iarraidh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le dhá chinneadh ón gComhairle atá beartaithe maidir leis an gclár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (clár 'Pericles') (IO C 161, 1.7.2005, lch. 11), mír 2.2 de Thuairim CON/2006/35, mír 2.4 de Thuairim CON/2012/17 agus mír 2.2 de Thuairim CON/2018/35.

gaolmhaire. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 8(1) den rialachán atá beartaithe a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le réamhchomhairliúchán leis na príomhpháirtithe lena mbaineann, lena n-áirítear BCE agus Europol, ag an gCoimisiún i ndáil leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh. Ba cheart don Choimisiún dóthain ama a thabhairt do BCE eolas a chur ar an doiciméadacht maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) agus le pointí (1) agus (3) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an rialachán atá beartaithe ([6]).

2.4. Ba cheart Airteagal 4(2) den rialachán atá beartaithe a leasú freisin chun foráil a dhéanamh maidir le réamhchomhairliúchán leis na príomhpháirtithe lena mbaineann, lena n-áirítear BCE agus Europol, nuair a chuireann an Coimisiún acmhainní breise chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach le heintitis dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c), den Rialachán sin.

2.5. Leagann BCE béim ar an ngá atá ann (1) go mbeadh sé rannpháirteach go rialta in ullmhú aon tuarascálacha meastóireachta le linn an chláir chun na bearta atá déanta aige agus a rannpháirtíocht ghníomhach sa chomhrac i gcoinne an ghóchumtha agus na calaoise gaolmhaire a léiriú; (2) chun aiseolas ó eintitis atá rannpháirteach go gníomhach i mbearta ábhartha in éineacht leis an gCoimisiún a chur san áireamh go hiomchuí in aon tuarascálacha meastóireachta agus teachtaireachtaí; (3) chun é a choinneáil ar an eolas go rialta amach anseo faoin gclár; agus (4) go rachfaí i gcomhairle leis sula nglacfar aon ghníomh tarmligthe féideartha chun forálacha a fhorbairt chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an gcreat. I ndáil leis sin, tugann BCE dá aire go gceanglaítear le hAirteagal 133 den Chonradh go rachfaí i gcomhairle le BCE sula leagfar síos na bearta is gá chun an euro a úsáid mar an t-airgeadra aonair. Níl an oibleagáid sin teoranta don rialachán atá beartaithe, ach tá feidhm aici freisin maidir le gníomhartha tarmligthe a bhaineann le réimsí inniúlachta a shainítear sa bhunghníomh reachtach. Téitear i gcomhairle le BCE maidir leis an rialachán atá beartaithe i gcomhréir le hAirteagal 133 den Chonradh agus, dá bhrí sin, ba cheart dul i gcomhairle leis freisin sula nglacfar aon ghníomh tarmligthe lena gcuirtear chun feidhme bearta chun an euro a chosaint ar ghóchumadh agus ar chalaois ghaolmhar, ar bearta iad atá riachtanach chun an euro a úsáid mar airgeadra aonair.

2.6. Ar deireadh, maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 8(5) agus a áirítear i bpointí (1) agus (2) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an rialachán atá beartaithe, molann BCE gníomhaíochtaí comhpháirteacha a áireamh chun díriú ar mhonarú nótaí bainc agus monaí góchumtha lasmuigh den limistéar euro agus ar a ndáileadh sa limistéar euro. De réir an mheabhráin mhíniúcháin a ghabhann leis an rialachán atá beartaithe, cé go bhfuil an meánlíon nótaí bainc euro góchumtha a bhraitear gach bliain fós faoi smacht, tá gá le forairdeall leanúnach, mar a léirítear leis an méadú atá ag teacht ar infhaighteacht euro góchumtha ar ardchaighdeán agus gnéithe slándála ar an idirlíon/ar an idirlíon dorcha, teacht chun cinn nótaí bainc dearaidh athraithe, agus teophointí góchumtha a bheith ann, e.g. sa Tuirc agus sa tSín.

I gcás ina molann BCE go leasófar an rialachán atá beartaithe, leagtar amach tograí sonracha maidir le dréachtú i ndoiciméad oibre teicniúil ar leith a mbeidh téacs míniúcháin chun na críche sin ag gabháil leis. Tá an doiciméad oibre teicniúil le fáil i mBéarla ar EUR-Lex.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 7 Samhain 2025.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

([6]) Féach freisin mír 2.5 de Thuairim CON/2024/17 agus mír 2.2 de Thuairim CON/2024/35.